



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

---

**EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA - ARDLEIBHÉAL**

---

AOINE, 23 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30

---

**SÉ CHEIST LE FREAGAIRT**

---

## SÉ CHEIST LE FREAGAIRT

1. Freagair **sé cinn ar bith** díobh seo a leanas:
- (a) Mínigh an fáth a n-aithnítear an chuid is mó d'ithreacha na hÉireann mar ithreacha “óga” i dtéarmaí na geolaíochta.
  - (b) Luagh **trí** chúis ar tréith thábhachtach ithreach í an uigeacht.
  - (c) Tabhair **dhá** shampla d'úsáid hormón i smachtú tréithe fáis i bplandaí.
  - (d) Tabhair sampla **amháin**, i ngach cás, de phlanda a dhéanann atáirgeadh agus ceann díobh seo a leanas á úsáid aige:
    - (i) Reathairí
    - (ii) Riosóim
    - (iii) Tiúbair
    - (iv) Bleibeanna.
  - (e) Ainmnigh paraisít ainmhí nó phlanda, a bhaineann leis an bhFíleam Nematoda, agus déan cur síos ar a saolré.
  - (f) (i) Luagh an t-orgán a tháirgeann domlas sa chorp.  
(ii) Cá gcuirtear domlas i dtaisce?  
(iii) Luagh feidhm amháin le domlas.
  - (g) Mínigh úsáid **amháin** de gach ceann ar leith díobh seo a leanas i gcomhthéacs beathú ainmhithe feirme.
    - (i) Molás
    - (ii) Bileoga biatais
    - (iii) Cál.
  - (h) Tabhair sampla de phlanda amháin as gach ceann ar leith de na finte seo a leanas:
    - (i) Cruciferae
    - (ii) Leguminosae
    - (iii) Compositae
    - (iv) Umbelliferae.
  - (i) Freagair iad seo a leanas maidir le caoirigh:
    - (i) Cén garmheáchan (ina kg) a bhíonn in uan nuair a bheirtear é?
    - (ii) Cén fad (ina laethanta) atá i dtimthriall éastrasach caorach?
    - (iii) Cén fad (ina mhíonna) atá i dtréimhse iompair caorach?
  - (j) Is in aonaid táirgthe chomhtháite a thógtar an chuid is mó de na muca bagúin in Éirinn. Mínigh an téarma a bhfuil an líne faoi agus tabhair **dhá** bhuntáiste leis na haonaid sin.

(60 marc)

2. (a) Mínigh an fáth ar gníomhaíocht thábhachtach feirme in Éirinn é aol a chur ar an talamh go rialta.
- (b) Déan cur síos ar na príomhchéimeanna i bpodalú ithreach.
- (c) Tabhair breac-chuntas ar na malartuithe ceimiceacha a tharlaíonn san ithir idir an t-aol, na collóidigh ithreach agus an tuaslagán ithreach tar éis aol a leathadh.
- (d) Déan cur síos ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht péisteanna talún ar struchtúr agus ar fhorbairt na hithreach.

(48 marc)

## Rogha a hAon

3. (a) Taispeántar priompalláin san fhótagraf thíos.
- (i) Ainmnigh an fileam lena mbaineann priompalláin.
  - (ii) Mínigh **dhá** bhuntáiste atá mar thoradh ar ghníomhaíocht na bpriompallán.
  - (iii) Luaign **dhá** bhuntáiste as aoileach a chur le hithir.



- (b) (i) Luaign feidhm **amháin** le nítrigin i bplandaí.  
(ii) Déan cur síos mion ar **dhá** chéim ar bith sa timthriall nítrigine.
- (c) Mínigh cén chaoi a mbíonn tionchar ag na fachtóirí seo a leanas ar tháirgeadh báinseach innithe.
- (i) Cineál ithreach.
  - (ii) Cleachtas bhainistíochta.
  - (iii) Séasúr.

(48 marc)

NÓ

## Rogha a Dó

3. (a) (i) Ainmnigh **dhá** ghalar víris a tholgann prátaí.  
(ii) Maidir le galar **amháin** díobh sin luaign cé mar a scaiptear é.  
(iii) Luaign modh **amháin** a úsáidtear chun scaipeadh an ghalair seo a chosc.  
(iv) Tabhair **dhá** shampla a thaispeánann iarmháirtí tairbheacha na mbaictéar san fheirmeoireacht.
- (b) Déan cur síos ar shaolré fungais pharaísítigh **ainmnithe**, ar cúis galair i mbarr é, faoi na ceannteidil seo a leanas:
- (i) Modh atáirgthe.
  - (ii) Modh cothaithe.
  - (iii) Tosca timpeallachta a chuidíonn le scaipeadh an ghalair.
- (c) (i) Ainmnigh **dhá** shampla de “ghalair tháirgthe” a tholgann ainmhithe feirme.  
(ii) Maidir le **ceann** de na galair atá luité agat, luaign cúis an ghalair, na príomhchomharthaí agus modh coiscthe nó leigheasta an ghalair.

(48 marc)

4. Déan cur síos ar mhodh saotharlainne nó páirce chun aon **dá** cheann díobh seo a léiriú.

- (a) Láithreacht dúile mianraí **ainmnithe** i sampla ithreach.
- (b) Úscadh líocha as sampla féir.
- (c) Láithreacht próitíeine i sampla de phiseanna.
- (d) Táirgeadh teasa le linn péacadh síolta.

(48 marc)

[THALL]

5. (a) Mínigh cén fáth a bhfuil difear idir an comhdhéanamh luibheach i mbán buan agus i mbán sealadach.
- (b) Déan plé ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le féar a bheith san áireamh mar bharr in uainíocht barr curaíochta.
- (c) Tabhair **trí** chúis le gránach a bheith san áireamh mar bheathú breise d'ainmhithe feirme.
- (d) Maidir le barra fodair, seachas féar:
- (i) Luagh **trí** bhuntáiste le fás barr fodair.
  - (ii) Déan cur síos ar **dhá** bhealach chun ainmhithe a bheathú leis na barra seo.

**(48 marc)**

6. (a) (i) Sainaithin **trí** thréith a d'fhéadfáí a úsáid chun tairbhe speicis áirithe féir sa talmhaíocht a mheas.
- (ii) Déan cur síos ar thurgnamh a d'fhéadfáí a úsáid chun ceann de na tréithe atá ainmnithe agat i gcuid (i) a aithint.
- (b) Mínigh iad seo a leanas maidir leis an mbó bhainne:
- (i) Fad na tréimhse lachta
  - (ii) Cuar lachta
  - (iii) An coibhneas idir an t-uaspointe lachta agus an tál iomlán lachta.
  - (iv) Bainistiú an chothaithe i dtréad déiríochta, a dhéanann breith earraigh, chun a chinntíú go mbaintear amach an t-uaspointe lachta féideartha.
- (c) Is féidir ba diúil a bheathú chun iad a chothabháil cuid mhaith den am, ach caithfear iad a bheathú ar phlána beathaite níos airde ná sin ar feadh 6 – 7 mí den bhliain.
- (i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
  - (ii) Tabhair **trí** chúis le beathú “ar phlána beathaite níos airde”.

**(48 marc)**

7. (a) Mínigh gach ceann diobh seo a leanas:
- (i) Dath gríséadach ar fhionnadh eallaigh Ghearr-adharcaigh.
  - (ii) Easpa éagsúlachta i bplandáí a iomadaítear trí chlónáil.
  - (iii) Éagsúlacht leanúnach i mórán tréithe a bhaineann le horgánaigh uaisle.
  - (iv) An fáth le feinítíopaí éalangacha áirithe a bheith níos coitianta i bhfireannaigh ná i mbaineannaigh.
- (b) I speicis áirithe plandaí, tá an ailléil do staimín díreach (**D**) ceannasach ar an ailléil do staimín ionchuartha (**d**) agus tá an ailléil do pheiteal pléineáilte (**P**) ceannasach ar an ailléil do pheiteal stríocha (**p**). Má dhéanann pailin ó bhláth homaisigeach, a bhfuil staimín díreach agus peiteal pléineáilte aige, pailniú ar bhláth le staimín ionchuartha agus peiteal stríocha:
- (i) Luagh géinitíopa na síolta a dhéantar.
  - (ii) Déan cur síos ar fheinítíopaí na mbláthanna a tháirgtear nuair a phéacann agus a fhásann na síolta.
  - (iii) Cén coibhneas feinítíopaí sa sliocht a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar chrosáil idir an planda hibrídeach F1 in (ii) agus planda atá cúlaitheach maidir leis an dá thréith?
- (d) Scríobh breac-chuntas ar thábhacht na méóise san atáirgeadh.

**(48 marc)**

8. Freagair **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas (a), (b), (c).
- (a) (i) Déan cur síos ar **thrí** bhealach ina mbíonn tionchar ag an ngruth buí (maothal), a ghlacann sé tar éis a bhreithe, ar shláinte lao.  
(ii) Déan cur síos ar **dhá** fhachtóir timpeallachta ba cheart a chur san áireamh agus ainmhithe feirme á gcur faoi dhón.  
(iii) I dtáirgeadh ainmhithe bíonn spriocmheáchain ann a chaitear a bhaint amach. I gcás bodóga athsholáthair tabhair **trí** chúis leis na spriocmheáchain sin a bhaint amach.
- (b) (i) Mínigh an teicníc ar a dtugtar “beathú réamhreithíochta”, a úsáidtear i dtáirgeadh caorach.  
(ii) Mínigh na buntáistí le gach ceann díobh seo a leanas i mbainistiú tréada caorach:  
1. Pórú sioncrónaithe  
2. Pórú as séasúr.  
(iii) Déan cur síos ar bheathú caorach le linn na 6 – 8 seachtaine deiridh den toircheas agus tabhair cúiseanna leis na hathruithe sa réim bheathaíthe.
- (c) (i) Mínigh cén chaoi a mbíonn ceapach síl mhaith riachtanach do tháirgeadh rathúil barra.  
Tabhair cuntas achomair ar an tábhacht a bhaineann le taisleach ithreach i bhforbairt síolóige bairr.  
(iii) Mínigh cén fáth a n-úsáidtear fearais feirme ar a dtugtar rollóirí le linn saothrú barr grán **ainmnithe** mar seo a leanas:  
1. Ullmhú na hithreach chun curtha,  
2. Tar éis an síol a chur.

(48 marc)

9. Tabhair míniú eolaíoch ar **cheithre** cinn díobh seo a leanas:
- (a) Treabhadh fómhair mar a chleachtar i saothrú barr.  
(b) Caomhnú fál sceach.  
(c) Dealú stoc síolraíochta.  
(d) Feidhm na heagaoise in éanlaith chlóis.  
(e) Gluaiseacht an uisce ón ithir aníos tríd an bplanda go dtí an t-atmaisféar.

(48 marc)

# LEATHANACH BÁN